**Preasráiteas**

**www.logainm.ie**
**Fuaim le logainmneacha Chontae Chill Chainnigh**

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 335 logainm i gContae Chill Chainnigh. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí, Thiobraid Árann, Lú, Liatroma agus Luimní. Míchéal Ó Diarmada as Alt na Molt, Droichead Binéid, a chuir fuaim le logainmneacha Chill Chainnigh.

Is suíomh Gréasáin poiblí é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Mheall an suíomh Gréasáin logainmneacha 3.5 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Is é *Dublin* an logainm is mó cuardach go dtí seo (1,052 cuardach), is é *Cork* an dara ceann is coitianta (661), agus tá *Blackrock* sa tríú háit (656). Tá *Ballina* sa cheathrú háit, le 638 cuardach. Is iad na logainmneacha is mó cuardach i gContae Chill Chainnigh go dtí seo ná *Kilkenny* le 455 cuardach, *Thomastown* le 239, *Dunmore* le 182 agus *Callan* le 145 cuardach.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca anois trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, acu siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt an tAire Pat Carey: "Is cúis áthais dom go bhfuil ag éirí go han-mhaith le logainm.ie. Léiríonn an líon mór amas go bhfuil tóir an-mhór ar an tseirbhís seo. Táim cinnte go gcuirfidh na hacmhainní nua seo go mór leis an suíomh agus go mbainfidh a lucht úsáide an-tairbhe astu."

Leanfar den obair ar www.logainm.ie agus cuirfear tuilleadh logainmneacha, comhad fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.